Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

GAEILGE
CÚRSA ARDTEISTIMÉIREACHTA 2006-2008
CEISTEANNA SAMPLACHA AR AN DRÁMA/SCANNÁN

Gnáthleibhéal

ROINN A - CÚRSA AINMNITHE

Ceist 1 nó Ceist 2 a fhreagairt anseo.

CEIST 1	PRÓS AINMNITHE	[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) (i) "*Seanbhean*: An diabhal a bhí do mo phriocadh an tráthnóna sin ag an gcrosbhóthar". (*Lá Buí Bealtaine*)

Inis céard a tharla ag an gcrosbhóthar. Cén toradh a bhí ag na heachtraí sin ar shaol Nóinín?

(25 mharc)

(ii) Déan cur síos **gairid** ar Pheadar. Inis cén fáth a bhfuil/nach bhfuil trua agat dó? Is leor **dhá** fháth.

(10 marc).

NÓ

(i) "*Eoin*:Tá mise ag dul síos ag an bpub". **(***Clare sa Spéir)*

Déan cur síos ar na rudaí a tharla an oíche sin sa teach tábhairne. Tabhair cuntas ar na rudaí eile a tharla idir sin agus deireadh an scannáin.

(25 mharc).

(ii) Déan cur síos **gairid** ar Clare. Inis cén fáth a bhfuil /nach bhfuil trua agat di. Is leor **dhá** fháth.

(10 marc)

NÓ

(i) Ceist ar cheann amháin de na sleachta eile ar an gcúrsa ainmnithe

(25 mharc)

(ii) An dara ceist ar an sliocht céanna (10 marc)

(b) Maidir leis na trí shaothar eile, …… (20 marc)

*Beidh an dara ceist (b) ar an múnla céanna is a bhí ar na páipéir scrúdaithe le blianta beaga anuas. Beidh 20 marc ar an gceist sin, agus beidh **rogha** ann.*

ROINN B - CÚRSA ROGHNACH

Ceist 1 nó Ceist 2 a fhreagairt anseo.

CEIST 1	PRÓS ROGHNACH	[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) (i) Maidir le dráma roghnach (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan cur síos ar eachtra tábhachtach a tharlaíonn sa dráma sin
(23 mharc).

[Ní mór teideal an dráma mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir].
(2 mharc)

(ii) Maidir leis an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann, déan cur síos **gairid** air/uirthi.
Inis cén fáth a bhfuil/nach bhfuil trua agat dó/di. Is leor **dhá** fháth.
(10 marc)

NÓ

(i) Maidir le scannán roghnach (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), déan cur síos ar eachtra tábhachtach a tharlaíonn sa scannán sin
(23 mharc).

[Ní mór teideal an scannáin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir].
(2 mharc)

(ii) Maidir leis an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann, déan cur síos **gairid** air/uirthi.
Inis cén fáth a bhfuil/nach bhfuil trua agat dó/di. Is leor **dhá** fháth.
(10 marc)

NÓ

(i) Maidir le ceann eile de na sleachta eile (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair cuntas ar an téama ata ann.
(23 mharc)

[Ní mór teideal an tsleachta mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir].
(2 mharc)

(ii) Maidir leis an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann, déan cur síos **gairid** air/uirthi.
Inis cén fáth a bhfuil/nach bhfuil trua agat dó/di. Is leor **dhá** fháth.
(10 marc)

(**b**) Maidir leis na saothair eile (a ndearna staidéar orthu le linn do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh saothar amhain ……..

(18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir].

(2 mharc)

NÓ

Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa) agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas, roghnaigh saothar amháin díobh …….

(18 mharc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir].

(2 mharc)

SAMPLAÍ EILE

(Anseo thíos tugtar ceisteanna samplacha eile den chineál a d'fheadfaí a chur. Dírítear aird na múinteoirí ar an leabhrán *Treoirlínte mar Thaca le Múineadh An Chúrsa Leasaithe* [An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/ CNCM]. D'fhéadfadh sé gur sa phrós ainmnithe nó sa phrós roghnach a chuirfí na ceisteanna, i gcuid (a) nó i gcuid (b)).

Is tusa Eoin sa scannán *Clare sa Spéir*, nó Peadar sa dráma *Lá Buí Bealtaine*. Scríobh an cuntas dialainne a bheadh ag Eoin **nó** ag Peadar ar na rudaí a tharlaíonn dó.

Is tusa an príomhphearsa(príomhcharachtar) sa scannán nó sa dráma a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. Scríobh an cuntas dialainne a bheadh agat ar na heachtraí a tharlaíonn sa scannán/dráma sin.

GAEILGE ATGL 2006 [agus ina dhiaidh]:

[Leathanach 1 ar an scrúdpháipéar]

Tá Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) agus Roinn B (Cúrsa Roghnach) ag baint leis an scrúdpháipéar seo.

Mar shampla, má fhreagraíonn tú Ceist 1 (Prós) agus an freagra sin bunaithe ar an gceist ar an bPrós Ainmnithe ar an scrúdpháipéar, tá lánchead agat Ceist 2 (Filíocht) a fhreagairt agus do fhreagra a bhunú ar an gceist ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Roghnach ar an scrúdpháipéar. (Tá an rogha chéanna i gceist ó thaobh na filíochta de má fhreagraíonn tú Ceist 1 (Prós) agus an freagra sin bunaithe ar an gceist ar an bPrós Roghnach ar an scrúdpháipéar.)

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

GAEILGE
CÚRSA ARDTEISTIMÉIREACHTA 2006-2008
CEISTEANNA SAMPLACHA AR AN DRÁMA/SCANNÁN

ARDLEIBHÉAL

CEIST 1
PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó B** (Prós Roghnach).

A PRÓS AINMNITHE 40 MARC

Freagair **(a) agus (b)**.

(a) "Is iontach an léiriú a dhéantar ar an athrú a thagann ar an bpearsa, Peadar, sa dráma *Lá Buí Bealtaine*." Déan plé **gairid** air sin
(25 mharc)

nó

Déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ar an athrú a thagann ar an bpearsa, Eoin, sa scannán. (*Clare sa Spéir)*
(25 mharc)

nó

Ceist ar cheann amháin de na sleachta eile. (25 mharc)

(b) Ceist ar cheann de na sleachta nach bhfuil luaite i gcuid (a) thuas.
(15 mharc)

nó

An dara ceist ar an sliocht céanna. (15 mharc).

B PRÓS ROGHNACH 40 marc

Freagair **(a) <u>agus</u> (b).**

(a) Maidir le dráma roghnach **nó** le scannán roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar a éifeachtaí is a léirítear an t-athrú a thagann ar cheann de na príomhphearsa ann le linn an dráma **nó** an scannáin.

[Ní mór teideal an dráma **nó** an scannáin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn]. (25 mharc)

nó

Ceist ar cheann eile de na sleachta go bhfuil staidear déanta agat orthu.

[Ní mór teideal an tsleachta mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn]. (25 mharc)

(b) Ceist ar cheann de na sleachta nach bhfuil luaite i gcuid (a) thuas. (15 mharc)

nó

An dara ceist ar an sliocht céanna. (15 mharc)

[Ní mór teideal an tsleachta mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn].

SAMPLAÍ EILE

(a) Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí is a léirítear an t-athrú a thagann ar an bpearsa, Peadar, sa dráma *Lá Buí Bealtaine* **nó** ar an bpearsa, Eoin, sa scannán *Clare sa Spéir*

(b) Luaigh dhá theicníocht a mbaintear úsáid astu sa dráma *Lá Buí Bealtaine* nó sa scannán *Clare sa Spéir*. Déan cur síos ar éifeacht úsáid na dteicníochtaí sa saothar a roghnaíonn tú.

(c) Maidir le dráma roghnach **nó** le scannán roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar a éifeachtaí is a léirítear an t-athrú a thagann ar cheann de na príomhphearsa ann sa dráma **nó** sa scannáin.

(d) Maidir le scannán **nó** dráma a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, luaigh dhá theicníocht a mbaintear úsáid astu sa dráma nó sa scannán. Déan cur síos ar éifeacht na dteicníochtaí sin sa saothar a roghnaíonn tú.

*D'fheadfadh ceisteanna mar na cinn thuas (a-d) a bheith ar an scrúdpháipéar i gcás Ceist (a) 25 mharc **nó** Ceist (b) 15 mharc.*

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

GAEILGE ATAL 2006 [agus ina dhiaidh sin]

[Leathanach 2 ar an scrúdpháipéar]

Treoracha d'iarrthóirí:

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na Gaeilge. Caillfear marcanna trí bheith faillitheach ann.

Freagair gach ceist (1 2 3 4).

Nóta: I gcás Ceist 1(Prós) agus Ceist 3(Filíocht), tá rogha idir an CÚRSA AINMNITHE agus AN CÚRSA ROGHNACH.

I gcás ceist 1 mar shampla is féidir ceist ar an bPrós Roghnach **nó** ar an bPrós Ainmnithe a fhreagairt agus i gcás ceist 3 is féidir ceist ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Roghnach a fhreagairt.

Ceist 1: PRÓS: AINMNITHE (A) **nó** ROGHNACH (B).
Ceist 2: PRÓSTÉACS BREISE: Do rogha idir A B C nó D.
Ceist 3: FILÍOCHT AINMNITHE (A) **nó** ROGHNACH (B). **agus** DÁNTA DUALGAIS BREISE(C)
Ceist 4: STAIR